Acmhainn 1 (Gníomh 1)

Cártaí Ionracais (1 de 3)

1. Tháinig Alison ar £10 ar pháirc peile na scoile agus d'fhág sí isteach san oifig é.

2. Níor thaitin le Chris an dóigh ar chuir gasúir ina rang isteach ar cheachtanna trí scairteadh amach agus trí rudaí a rá a bhriog an múinteoir. Ach ghlac sé leis agus ghlac sé páirt ann nó ní bheadh cairde ar bith aige sa rang.

3. Tháinig Conor ar Brendan leis féin i ndorchla, é cuachta istigh i gcoirnéal. Bhí Jim, Gavin agus Stephen, na gasúir challánacha agus is mó a bhfuil gean orthu, bhí siad ag caitheamh achasán leis arís eile mar go bhfuil sé cutháileach agus gan mórán muiníne. Tá siad in ann múinteoirí a ionramháil le plámás agus le deisbhéalaí; mar sin leanann siad leo ag teacht slán ó bhulaíocht chruálach, neamhchúiseach a dhéanamh ar son a spóirt féin. Shocraigh Conor go raibh go leor feicthe aige. Chuaigh sé go dtí an príomhoide agus rinne sé casaoid leis faoin eachtra, agus faoi na huaireanta eile a chonaic sé Jim, Gavin agus Stephen ag déanamh bulaíochta.

4. Fuair Frances beart ina raibh DVDanna agus CDanna a raibh dúil mhór aici iontu. I ndiaidh di an beart a oscailt, d'aithin sí gur le haghaidh duine eile a bhí sé ach gur cuireadh an seoladh mícheart air. Shocraigh sí nach mbeadh sí in ann an duine sin a aimsiú, agus choinnigh sí an beart mar sin.

Acmhainn 1 (Gníomh 1)

Cártaí Ionracais (2 de 3)

5. D'aithin an tUas. Watson go raibh sé san éagóir nuair a chuir sé caint sa rang i leith Declan, agus ghabh sé leithscéal leis os comhair na ndaltaí eile uile.	6. Rinne Patrick feall ar chúlaí ar an pháirc imeartha agus, dá tharbhe, d'éirigh leis cúl a scóráil. Ní fhaca an réiteoir an feall, mar sin ní raibh Patrick ag dul é a admháil, cé go raibh an t-imreoir eile ag gearán!
7. Níl tionscadail na ndaltaí marcáilte go fóill ag Bean Robson sé seachtaine i ndiaidh an spriocdháta, cé gurbh ise a rinne callán chomh mór sin faoin ghá leis an obair a bheith déanta in am. Má bhí sé de dhánacht i nduine ar bith fiosrú faoi na tionscadail, thug sí íde béil dó as a bheith mímhúínte agus sotalach.	8. Bhí ar Sam, Matthew agus Anna oibriú le chéile ar thionscadal eolaíochta. Níorbh fhiú le Anna bacadh le cuidiú a thabhairt, ach ansin ní shásodh tada í ach go ndéanfadh sí an cur i láthair sa dóigh go bhfaigheadh sí an moladh.

Acmhainn 1 (Gníomh 1)

Cártaí lonracais (3 de 3)

9. D'íoslódáil Aaron an chuid is mó dá obair chúrsa ón Idirlíon, ag athrú mionrudaí sa dóigh nach mbeadh sé chomh follasach. Bhí sé ar tí an tionscadal a chur isteach, ansin chuaigh sé a fhad lena mhúinteoir gur admhaigh cad é a bhí déanta aige.	10. Ba í Sarah captaen na foirne, agus nach uirthi a bhí an lúcháir nuair a bhain an fhoireann an comórtas! De ghnáth, téann an captaen suas ar an ardán leis an chorn a ghlacadh, ach ní shásódh rud ar bith Sarah ach go rachadh Paula suas mar gurb ise a d'imir is fearr.
11. Chaith an tUas Jackson lena rang foirme le meas mór riamh. Nuair a bhíonn air scairt ghutháin thábhachtach a fhreagairt, deir sé leis an rang go bhfuil sé á bhfágáil gan mhaoirseacht le leanúint leis an obair mar go bhfuil a fhios aige gur féidir leis muinín a chur astu sin a dhéanamh. Chomh luath agus a imíonn sé ón seomra, tosaíonn roinnt daltaí ag caitheamh peann thart ar an seomra agus téann dalta amháin go dtí deasc an Uas. Jackson agus tosaíonn ag amharc trí na tarraiceáin.	